**:: PREASEISIÚINT**

16ú Meán Fómhair, 2011
**LE FOILSIÚ LÁITHREACH**

# CRUINNITHE POIBLÍ MAIDIR LE GAELSCOILEANNA NUA I mBAILE AN CHAIRPINTÉARAIGH, BAILE CHILL DARA AGUS TAMHLACHT A PHLÉ

## Beidh An Foras Pátrúnachta ag reáchtáil cruinnithe poiblí ag deireadh na míosa le hoscailt Ghaelscoil nua sna ceantair thuasluaite a phlé. Fáilte roimh chách.

Tá cruinnithe poiblí eagraithe ag An Foras Pátrúnachta, an phátrúnacht náisiúnta do scoileanna lán-Ghaeilge, le heolas a thabhairt do mhuintir na gceantar seo faoi oscailt Ghaelscoileanna nua i mí Mheán Fómhair 2012 agus 2013. Tá fáilte ollmhór do thuismitheoirí agus daoine gur spéis leo oideachas lán-Ghaeilge á chur ar fáil sa cheantar. Is deis iontach í seo don phobal suim agus éileamh a thaispeáint sa Ghaelscolaíocht. Beidh deis ann chomh maith do thuismitheoirí agus caomhnóirí réamh-chlárú a dhéanamh dá bpáistí.

Beidh Caoimhín Ó hEaghra, ard-rúnaí An Fhorais Pátrúnachta, ag caint ag na cruinnithe faoi bhuanna agus láidreachtaí an phátrúin do Ghaelscoileanna. Ag tagairt don tábhacht a bhaineann le hoscailt Ghaelscoileanna nua sna ceantair seo, dúirt Ó hEaghra, "Feictear dúinn go bhfuil gá le Gaelscoileanna nua sna ceantair fháis seo mar gheall ar an mborradh atá feicthe ar Ghaelscoileanna fud fad na tíre. Tá fás suntasach tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge sna ceantair seo le blianta beaga anuas, rud a chiallaíonn go mbeidh méadú ar an éileamh ón bpobal d'oideachas trí mheán na Gaeilge. Táimid ag súil go dtacóidh an pobal áitiúil linn agus go bhfeicfimid Gaelscoileanna nua ag teacht chun cinn i 2012 agus 2013."
Beidh urlabhraí agus príomhoidí Ghaelscoileanna ag caint ag na cruinnithe seo chomh maith ar an nGaeilge, ar oideachas lán-Ghaeilge agus a bheidh ar fáil le ceisteanna a fhreagairt.

Léirigh an Daonáireamh 2006 go bhfuil 42.2% de dhaonra Chill Dara ina gcainteoirí Gaeilge agus go bhfuil fás tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge ó 394,240(Daonáireamh 2002) go 410,669(Daonáireamh 2006) i mBaile Átha Cliath, rud a chuireann in iúl go bhfuil suim iontach mór ann sa Ghaeilge agus go bhfuil margadh ann do Ghaelscoileanna nua sa chontae.

Fuair An Foras Pátrúnachta deimhniú ón Roinn Oideachais go mbeidh 20 bunscoil nua á mbunú acu sna sé bliana amach romhainn. Tá sé cinntithe go mbeidh bunscoileanna nua ag oscailt i gceantar Bhaile an Chairpintéirigh, i mBaile Chill Dara agus i dTamhlacht. Tá An Foras Pátrúnachta ag súil leis an oiread tacaíochta gur féidir a fháil ón bpobal sula gcuirtear na hiarratais go dtí an Roinn, ar an 7ú Deireadh Fómhair, 2011.

Tá réimse staidéir déanta a léiríonn go n-éiríonn le daltaí le hoideachas lán-Ghaeilge ard-caighdeán acadúil a bhaint amach, tá sé níos fusa dóibh an tríú teanga a fhoghlaim, forbraíonn siad tuiscint agus oscailteacht ar chultúir eile agus forbraíonn siad feidhmiú cognaíoch i leith cruthaitheacht agus cumarsáid.

**CRÍOCH**

**Le haghaidh agallaimh nó tuilleadh eolais, dean teagmháil le:**
**Caitríona Bairéad :: caitriona@foras.ie :: 01-629411**

**Nótaí don Eagarthóir**

*Faoi An Foras Pátrúnachta:*

Bunaíodh An Foras Pátrúnachta sa bhliain 1993 ionas go mbeadh rogha eile ag scoileanna maidir le pátrúnacht. Is pátrúnacht náisiúnta é an Foras do scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an meánleibhéal. Tá an Foras ina Phátrún ar scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil éiteas Caitliceach, Ilchreidmheach, agus Idirchreidmheach (Caitliceach /Protastúnach) acu. An fhís atá ag An Foras Pátrúnachta ná oideachas lán-Ghaeilge den scoth a chothú, a fhorbairt agus a leathnú sa tír.

Tá an Foras Pátrúnachta aitheanta ag An Roinn Oideachais agus Scileanna mar chóras pátrúnachta atá inghlactha agus cuí do scoileanna ag an gcéad agus an dara leibhéal.

*Cén fáth a roghnaítear oideachas lán-Ghaeilge?*

Roghnaíonn tuismitheoirí oideachas lán-Ghaeilge ar chúiseanna éagsúla, na cúiseanna seo san áireamh:

1. Tá sé fíor-thábhachtach dóibh go mbeidh Gaeilge ar a dtoil ag a bpáistí.
2. Aithníonn siad go bhfaigheann an páiste léargas ar leith ar a c(h)ultúr féin agus ar chultúir eile.
3. Cothaítear bród na bpáistí ina dteanga, ina gcultúr agus iontu féin.
4. Ábaltacht na bpáistí labhairt, léamh agus scríobh i ndá theanga agus na buntáistí a théann leis sin.
5. An t-oideachas den scoth a chuireann na scoileanna ar fáil do pháistí.
6. Forbairt i bhféinmhuinín agus i bhféiniúlacht na bpáistí.
   Chomh maith leis na cúiseanna seo ar fad tá buntáistí breise ann do pháiste má fhreastalóinn sé/sí ar scoil lán-Ghaeilge. De réir taighde ar an oideachas dátheangach seo a leanas cuid de na torthaí do na daltaí a théann tríd an gcóras:

- *Déanann siad níos fearr go hacadúil (Gallagher & Hanna, 2002).*
- *Éiríonn leo an tríú agus an ceathrú teanga a fhoghlaim níos éasca (Cenoz & Valencia 1994).*
- *Tuiscint agus oscailteacht do chultúir eile (Gallagher & Hanna, 2002).*
- *Feabhas ar fheidhmiú cognaíochta ó thaobh cruthaíochta agus ábaltacht cumarsáide de (Bialystok et al. 2005).*

*Sonraí ar na Cruinnithe Poiblí:*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 26/09/2011 | **Baile an Chairpintéaraigh** | Draíocht, Ionad Bhaile Bhlainséir, Baile Bhlainséir | 20:00 - 21:00 | 01-8098024 |
| 27/09/2011 | **Tamhlacht:** Baile an Fhoirtcheirn, Teach na Giúise/An Seanbhábhún, Iarthar Tamhlacht/Citywest | Maldron Hotel, Bealach Bhaile an Fhaoitigh(N81), Tamhlacht | 20:00 - 21:00 | 01-4685405 |
| 28/09/2011 | **Baile Chill Dara** | Ionad Oideachais Chill Dara, Friary Road, Baile Chill Dara | 20:00 - 21:00 | 045-530200 |

**CRÍOCH**